

## **Stádas Comhionannas: Féaráilte le cách!**

© Cóipceart. Tá an polasaí seo molta ag Bord Bainistíochta na scoile, ach glacann an Bord Bainistíochta go bhfuil an ceart acu, an polasaí seo a athrú aon am is mian leo i gcomhairle le pobail na scoile. I gcás go bhfuil dearmad déanta in aon ráiteas thíos cuirfear an dearmad sin faoi bhraid an Bord Bainistíochta agus ní ghlacann an Bord Bainistíochta le haon dualgas mar gheall ar an dearmad seo.

1. Ní féidir idirdhealú a dhéanamh sa scoil i gcás :

- Clárú páiste..Bunreacht Scoil Raifteirí agus Polasaí Chlárúcháin na scoile.
- Teacht ag páiste ar chúrsa/áis/eile
- Téarma nó coinníoll eile maidir le páirtíocht san scoil
- Páiste a dhíbirt nó piónós eile

2. Sa scoil seo déantar iarracht idirdhealú a chosc. Bíonn meas inti ar ilgnéitheacht thar na naoi gcúiseanna san reachtaíocht chomhionannas –Insine, stádas posta, stádas clainne, treoshuíomh,gnéis, creideamh, aois, míchumas, cine agus ballraíocht den lucht siúil.

3. (a) Bord Bainistíochta:

Ag toghadh baill an Bhoird cuirtear comhionannas inscine san áireamh chomh fada agus is féidir, agus i mbealach féaráilte réasúnta.

(b)Foireann:

Ní dhéantar aon idirdhealú idir fir agus mná ar an bhfoireann maidir le post sa scoil le líonadh, roinnt na ranganna agus rl. Déantar sár-iarrachta seans a thabhairt do ghach duine chomh fada agus is féidir é , i mbealach féaráilte réasúnta.

4. Comhionannas Inscine;

Is é ár bpolasaí scoile:

- (i) go nglactar agus go gcastar go féaráilte agus go cothrom le buachaillí agus le cailíní.
- (ii) Go dtugtar an seans céanna chomh fada agus is féidir é do bhuachaillí agus do chailíní bheith páirteach i gcúrsaí spóirt, tráthanna na gceist, fichille, coirmeacha ceoil, dramaí, mórshiúlanna, imeachtaí “rollabolla”, Seachtain na Gaeilge, grúpa cheoil, cór na scoile, siúlóidí dúlra,Ceachtainne damhsa, traenáil agus cluichí peile, cispheile, corr, iománaíocht, snámh, rugbaí,saccar, cuillí, córas smachta agus rialacha, cáirde cuideachta, athrothlú, agus obair don Bhratach Glas, aifreann na scoile, seirbhísí Eaglasta, slogadh, feiseanna, fleadhanna, comórtas peile na Gaeltachta, suíomh idirlíne, tionscnaimh scoile mar “An Tóchar”(1998Cd Rom) “ Anois teacht an Earraigh” (Téip 1995). Scéalta Iniste Scéil(úsáid teicneolaíocht. I.T.), “Dissolving boundaries 2002/2003”, Iodálaís, cláracha teilifíse agus radio, turas scoile, Irisleabhar na Scoile, ranganna riamhairí agus ranganna don fheadóg stain.
- (iii) Go dtugtar an seans céanna do bhuachaillí agus cailíní, bheith páirteach i ngach imeacht /ócáid poiblí scoile.

5. Ciapadh: ( focal labhartha, géaitsaíocht, focal scríofa, pictiúir nó abhar eile maslach,náiriúil nó bagartach)

Ní ceadaithe do phríomhoide, do mhúinteoirí, ná do aon dhuine eile le húdarás sa scoil, ciapadh ná gnéaschiapadh a imirt ar mhic léinn, ná ar aon duine a bhfuil iarratas

ar chead isteach déanta acu. Ní ceadaithe dóibh, cead a thabhairt do mhic léinn, ná tuistí ciapadh ná gnéaschiapadh a imirt ar mhic léinn eile ar ghabháltas na scoile. I gcás aon eachtra, déantar fiosrú agus deigheál reasúnta leis chun cosc a chur ar eachtraí eile. Tógtar nótaí agus cuirtear na daoine cuí agus an Bord ar an eolas. Leanfar modhanna imeachta cearta.

#### 6. Freastal Reasúnta:

Is féidir freastal reasúnta a shainmhíniú mar cóir nó aiseanna speisialta a chur ar fáil nó athraithe a dhéanamh d'fhoirm go mbeadh sé ar cumas duine teacht ar sheirbhís.

#### 7. Dliteanas:

Bíonn dliteanas ar scoileanna nuair a dhéanann fostaí idirdhealú nó ciapadh i gcaitheadh a gcuid oibre Cuma an raibh a fhios ag an scoil nó an raibh sé ceadaithe ag an scoil nó nach raibh.

Tógtar céimeanna praiticúla reasúnta chun fostaí a chosc ar na gníomhartha ciapadh agus ar gnéaschiapadh. I gcás aon eachtra, déantar fiosrú agus deigheál reasúnta agus coir chun deileáil le haon rud a thitfeadh amach agus chun deimhin a dhéanamh de nach dtarlóidh said athuair. Tógtar nótaí agus cuirtear na daoine cuí agus an Bord ar an eolas. Leanfar modhanna imeachta cearta.